

# MÍNIÚCHÁN AR DO CHEARTA

Sa chás **NACH BHFUIL TÚ Á CHOINNEÁIL I gCOIMEÁD** agus go ndéanfar thú a cheistiú mar dhuine a bhfuil amhras ann faoi.

1/2

## 1. An ceart comhairliúchán faoi iontaoibh a dhéanamh le dlíodóir, agus cúnamh dlíthiúil a fháil i rith an agallaimh

### A. Cathain?

- Tá tú i dteideal comhairliúchán faoi iontaoibh a dhéanamh le dlíodóir roimh an agallamh agus cúnamh dlíthiúil a fháil i rith an agallaimh.
- Sa chás go bhféadfaí pionós príosúnachta a ghearradh i leith na gcionta a bhfuil ceisteanna le cur ort ina dtaobh, beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha amach in C.

### B. Cén dlíodóir?

- Féadfaidh tú dul i gcomhairle le do rogha dlíodóra.
- Féadfaidh tú, faoi choinníollacha dlíthiúla áirithe, glao ar dhlíodóir trí bhíthin an chórais chúnaimh dhlíthiúil, atá go hiomlán saor in aisce nó saor in aisce i bpáirt. Féadfaidh tú an fhoirm ina bhfuil achoimre ar na coinníollacha sin a lorg. Ansin iarrfaidh tú ar oifig cúnaimh dhlíthiúil Chumann an Bharra dlíodóir a cheapadh.

### C. Conas a thionóltar an comhairliúchán faoi iontaoibh?

Sa chás gur seoladh cuireadh scríofa chugat, ina liostaítear na cearta atá sonraite faoi 1 go dtí 4 agus ina ndeirtear go gceptar go ndearna tú comhairle le dlíodóir roimh an agallamh:

- Ní bhronnfar cur siar ort a thuilleadh mar go raibh an deis agat cheana comhairliúchán a dhéanamh le dlíodóir.
- Mura ndéanann tú cúnamh a lorg ó dhlíodóir, ní mór a chur in iúl duit go bhfuil sé de cheart agat fanacht i do thost roimh thús an agallaimh (féach freisin pointe 3).

Sa chás nár seoladh cuireadh scríofa chugat nó gur seoladh cuireadh scríofa neamhiomlán chugat:

- Féadfaidh tú a iarraidh, aon uair amháin, go gcuirfí an t-agallamh ar atráth go dtí dáta nó am níos déanaí ionas gur féidir leat comhairliúchán a dhéanamh le do dhlíodóir.
- Féadfaidh tú rogha a ghlacadh labhairt le do dhlíodóir ar an teileafón agus féadfar tús a chur leis an agallamh ina dhiaidh sin.
- Féadfaidh tú fanacht go dtiocfaidh do dhlíodóir go dtí an áit ina gcuirtear agallamh ort.

### D. Cúnamh dlíthiúil i rith an agallaimh

Déanfaidh do dhlíodóir an méid seo a leanas a áirithiú:

- go dtugtar urraim do do cheart fanacht i do thost agus do do cheart gan tú féin a ionchoiriú;
- go gcaitear go maith leat i rith an agallaimh, agus nach gcuirtear bac ná brú aindleathach ar bith ort;
- go gcoimeádtar ar an eolas thú maidir le do chearta agus go ndéantar an t-agallamh a réachtáil go dleathach.

Má tá trácht ar bith le déanamh ag do dhlíodóir maidir leis an bpointe sin, féadfaidh sé nó sí a áirithiú go ndéantar iad a bhreacadh ar bhonn láithreach i ráiteas agallaimh na bpóilíní. Féadfaidh do dhlíodóir iarraidh ar fhiosrúchán ar leith a dhéanamh nó ar agallamh a chur ar dhuine áirithe. Féadfaidh sé nó sí soiléiriú a lorg maidir leis na ceisteanna a chuirtear ort agus nótaí tráchta a chur ar aghaidh maidir leis an imscrúdú agus an agallamh. Níl cead ag do dhlíodóir ceisteanna a fhreagairt I d'ionad ná bac a chur ar an agallamh.

# MÍNIÚCHÁN AR DO CHEARTA

Sa chás **NACH BHFUIL TÚ Á CHOINNEÁIL I gCOIMEÁD** agus go ndéanfar thú a cheistiú mar dhuine a bhfuil amhras ann faoi.

2/2

E. An féidir liom an ceart sin a tharscaoileadh?

Níl iallach ort comhairliúchán le dlíodóir ná cúnaimh ó dhlíodóir a lorg.

Féadfaidh tú an ceart sin a tharscaoileadh de do dheoin féin tar éis duit dianmhachnamh a dhéanamh ina thaobh má bhaineann an méid seo a leanas leat:

- tá lán-aois slánaithe agat;
- tá doiciméad sínithe agat agus dáta curtha agat leis chun an méid sin a dhearbhú.

## 2. Na cionta a chur in iúl go hachomair

- Tá sé de cheart agat go gcuirfí na cionta, a gcuirfear agallamh ort ina leith, in iúl duit go hachomair.

## 3. An ceart a bheith i do thost

- Ní chuirfear iallach ort ag am ar bith tú féin a ionchoiriú.
- Tar éis duit d'aitheantas a shonrú, féadfaidh tú rogha a dhéanamh ráiteas a thabhairt, na ceistanna a chuirtear ort a fhreagairt nó fanacht i do thost.

## 4. Cearta eile i rith an agallaimh

Cuirtear roinnt faisnéise a chur ar fáil duit roimh an agallamh. De bhreis ar an bhfaisnéis achomair maidir leis na cionta agus leis an gceart a bheith i do thost, cuirfear an méid seo a leanas in iúl duit:

- Féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaí gach ceist a chuirtear ort a thaifeadadh faoi mar a chuirtear iad agus na freagraí a thugann tú a thaifeadadh faoi mar a thugtar iad;

- Féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaí iarratas ar leith nó go gcuirfí duine áirithe faoi agallamh;
- D'fhéadfaí do ráitis a úsáid mar fhianaise dhlíthiúil.
- Níl tú faoi ghabháil agus is féidir leat imeacht aon uair is mian leat.
- Le linn an agallaimh, féadfaidh tú na doiciméid atá i do sheilbh a úsáid, chomh fada agus nach gcuirtear moill ar an agallamh dá bharr. Féadfaidh tú a iarraidh, roimh an agallamh nó ina dhiaidh, go gcuirfí na doiciméid sin le ráiteas agallaimh na bpóilíní nó i dtaisce le Clárlann na Cúirte.

## 5. Ag deireadh an agallaimh

Ag deireadh an agallaimh, tabharfar téacs an agallaimh duit chun é a léamh. Féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaí é a léamh amach duit.

Iarrfar ort cé acu ar mhaith leat nó nár mhaith leat go ndéanfaí athrú nó soiléiriú ar bith ar do ráitis.

## 6. Cúnaimh ó ateangaire agus an ceart chun aistriúcháin

- Mura dtuigeann tú nó mura labhraíonn tú an teanga, nó má tá bac san éisteacht nó sa chaint ort, glaofar ar ateangaire faoi bhrí mionna chun cuidiú leat le linn an agallaimh:
  - Is cúnaimh saor in aisce é sin.
- D'fhéadfaí a iarraidh ort do ráitis a scríobh síos i do theanga féin.
- Mura dtuigfir teanga na n-imeachtaí, tá tú i dteideal a bheith ar aistriú sleachta ábhartha den bharántas gabhála, an giota cuir na cúirte agus an cinneadh cúirte, go teanga a dtuigeann tú. Is cúnaimh saor in aisce é sin.

**Féadfaidh tú an míniúchán seo ar do chearta a choimeád leat.**